DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

## (220 marc)

**DÉARDAOIN 6 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| I | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| | | |
| CT | | |
| | | |
| IOMLÁN | | |
| GRÁD | | |

THALL→

# ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (110 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST.

**[N.B. Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.]**

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)

**1**
**Comórtas Rince**
Halla na Cathrach
Dé Domhnaigh 15 Aibreán

**2**
**Club Camógaíochta**
Seó Faisin do Thrócaire
Sa Chlub – Dé hAoine

**3**
**Gairdíní Poiblí**
**Ná siúil ar an bhféar**

**4**
**Bus Éireann**
Ar fáil anois:
**Clár Ama an Gheimhridh**

**5**
**DAINSÉAR!**
Sreanga Beo
**Ná téigh isteach**


**6**
**Ceachtanna Leadóige**
**Do gach Aois**

**7**
**SEACHAIN!**
Ainmhithe Fiáine
Bí Cúramach

**8**
**RABHADH!**
BÓTHAR FAOI UISCE


**9**
**Taispeántas Ealaíne**
Sa
Dánlann Náisiúnta


**10**
**Scannán den scoth**
Anocht
Halla na Scoile


























| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (30 marc)


(a) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



**Cumann Drámaíochta Dhún Laoghaire**

**Deireadh seachtaine ar Oileán: Inis Bó Finne**

**Satharn 9 Márta 2002 – Luan 11 Márta 2002**



**AN CLÁR**

| | |
|---|---|
| **SATHARN** | |
| **9 a.m.** | Fágfaidh an bus Halla an Bhaile, Dún Laoghaire. |
| **1 p.m.** | Sos agus lón in Óstán na Trá, Gaillimh. |
| **2.30 p.m.** | Bus ó Ghaillimh go dtí An Cloigeann. |
| **4 p.m.** | Turas báid ón gCloigeann go dtí Inis Bó Finne. |
| **8 p.m.** | Dráma: *An Triail* le Máiréad Ní Ghráda á léiriú san Ionad Pobail. |
| **DOMHNACH** | |
| **10 a.m.** | Turas coisíochta timpeall an oileáin tar éis an bhricfeasta. |
| **3 p.m.** | Ceardlann damhsa seit agus céilí do dhaoine nach bhfuil na rincí go maith acu. |
| **9 p.m. – 1 a.m.** | Oíche Ghaelach: Céilí, Seiteanna, Amhránaíocht agus Craic. |
| **LUAN** | |
| **11 a.m.** | Filleadh abhaile tar éis an bhricfeasta. |

**COSTAS: 100 euro (táille bus san áireamh)**

**Tuilleadh eolais le fáil ón rúnaí, Seán Mac Mathúna**

**(i)** Conas a thaistil an Cumann Drámaíochta ó Ghaillimh go dtí Inis Bó Finne?

**(ii)** Cad a rinne siad maidin Dé Domhnaigh tar éis bricfeasta?

**(iii)** Cá bhfuil níos mó eolais le fáil faoin turas?

**THALL→**

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



## OLLMHARGADH UÍ SHÉ

**An bhfuil post maith le pá maith uait?**

**POIST SHAMHRAIDH AR FÁIL**




**Daoine óga ag teastáil chun:**

- Málaí a phacáil do na custaiméirí.
- Tralaithe a bhailiú sa charrchlós.
- Na hurláir agus na seilfeanna a ghlanadh.
- Na hearraí a chur ar na seilfeanna.
- Obair a dhéanamh ag an deasc airgid.

**COINNÍOLLACHA**

- Aois: sé bliana déag ar a laghad.
- Sásta obair chrua a dhéanamh.
- Dea-bhéasa agus pearsantacht dheas.
- Ar fáil ó Mhí an Mheithimh go dtí deireadh Mhí Lúnasa.
- Pá: €5 san uair.

**(i)** Cá bhfuil na poist shamhraidh le fáil?

**(ii)** Luaigh <u>**dhá**</u> rud a bheidh le déanamh sna poist seo.

**(iii)** Cé mhéad airgid a bheidh le fáil sna poist?

(c) Léigh na ***véarsaí*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo. (15 mharc)



**An tUlchabhán**

1.

Is breá liom bheith amuigh
San oíche dhubh,
Ag fiach na bhfrancach is na luch
Atá le fáil go tiubh.

2.

Eitlím go ciúin, ciúin
Ó áit go háit,
Mo shúile móra buí mar thóirsí,
Mise an *ceann cait!

3.

Feicfidh mé thú oíche éigin
'S an ghealach lán,
Mo scáil sciathánach ag lorg bia,
Arsa an t-ulchabhán.



Máire Áine Nic Ghearailt

* __Gluais__: **ulchabhán = ceann cait = éan, le ceann mór, a bhíonn amuigh san oíche.**

**(i)** Cad iad na hainmhithe a bhíonn an t-ulchabhán ag fiach agus atá le fáil go tiubh?

______________

**(ii)** Cén dath atá ar a shúile?

**(iii)** Cathain a fheicfidh an t-ulchabhán tú?

**THALL→**

**CEIST 3** Freagair (a) **agus** (b) anseo. (60 marc)

(a) Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)


## PAUL PRITCHARD – DREAPADÓIR DEN SCOTH



Dreapadóir iontach ab ea Paul Pritchard. Rugadh é sa Bhreatain Bheag. Bhí clú is cáil air mar dhreap sé na sléibhte is airde agus is dainséaraí ar fud an domhain. Scríobh sé cuntas ar a chuid dreapadóireachta sa leabhar **Deep Play.** Bhí sé ar mhuin na muice.

Ach is ansin a bhí an mí-ádh air. Bhí sé ag dreapadh suas an **Totem Pole** nuair a tharla timpiste dó. Cloch ard is ea an **Totem Pole** atá ag gobadh amach as an bhfarraige in aice le cósta Tasmania. Thit cloch, a bhí chomh mór le teilifíseán, anuas ar a cheann. Fuair sé taom croí agus fágadh a thaobh clé ar fad gan anam.

Tharla sé sin timpeall ceithre bliana ó shin. Tá deacracht aige fós, uaireanta, labhairt agus ní féidir leis a lámh chlé a úsáid.



Nuair a bhí sé san ospidéal mhol na dochtúirí dó tosnú ag scríobh mar go ndéanfadh sé maitheas dó.

Thosaigh sé ag scríobh dialainne. Tá an dara leabhar dá chuid, **Totem Pole**, bunaithe ar an dialann seo. Foilsíodh an leabhar an bhliain seo caite.

Chuaigh sé timpeall na tíre ar feadh cúpla seachtain ag caint faoi gach rud a tharla dó.

Thug sé an t-airgead, a rinne sé as na cainteanna seo, do **Headway** a chabhraíonn le daoine a ghortaítear sa cheann.

**(i)** Cén fáth a raibh clú is cáil ar Paul Pritchard?

**(ii)** Cén timpiste a tharla dó nuair a bhí sé ag dreapadh an **Totem Pole**?

**(iii)** Luaigh deacracht amháin atá aige fós?

**(iv)** Cén t-ainm atá ar an dara leabhar a scríobh sé?

**(v)** Cad a dhéanann an grúpa **Headway**?

(b) Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# HELEN KELLER

Rugadh Helen Keller ar an 27 Meitheamh 1881. I Mí Feabhra 1882 d'éirigh sí tinn. Ar deireadh d'imigh an fiabhras agus an phian ach níor tháinig biseach uirthi. Bhí sí bodhar agus dall agus nuair nach raibh sí ábalta aon rud a chloisteáil stop sí de bheith ag caint.

Lá amháin chuala máthair Helen faoi bhean darbh ainm Laura Bridgeman. Cosúil le Helen bhí an bhean seo bodhar agus dall. Ach bhí sí in ann labhairt lena lámha le daoine eile mar d'fhoghlaim sí aibítir láimhe in Institiúid na nDall i mBoston.

Scríobh máthair Helen chuig an Institiúid láithreach. Ar an 3 Márta 1887 tháinig múinteoir darbh ainm Áine Ní Shúilleabháin go teach Helen.

Rinne na páistí san Institiúid bábóg mar bhronntanas do Helen. Nuair a thug Áine an bhábóg do Helen scríobh sí an focal B-Á-B-Ó-G ar a láimh. Láithreach scríobh Helen an focal céanna ar láimh Áine. Cé nach ndearna Helen an focal a cheangal den bhábóg bhí an múinteoir sásta mar bhí a fhios aici go raibh Helen cliste.



Lá amháin chuaigh an bheirt acu amach ag siúl. Bhí caidéal uisce sa chlós. Chuir Áine lámh Helen faoin uisce. Ar an láimh eile scríobh sí an focal U-I-S-C-E. Bhí a fhios ag Helen ansin go raibh ainm ar gach rud.

Ón lá sin amach bhí Helen ábalta labhairt le daoine eile trí úsáid a bhaint as an aibítir láimhe. Bhí doirse an tsaoil oscailte roimpi faoi dheireadh.

**(i)** Cén fáth ar stop Helen Keller de bheith ag caint?

**(ii)** Conas a bhí Helen agus Laura Bridgeman cosúil lena chéile?

**(iii)** Cé a rinne an bhábóg do Helen?

**(iv)** Cad a rinne Áine Ní Shúilleabháin nuair a thug sí an bhábóg do Helen?

**(v)** Conas a bhí Helen Keller ábalta labhairt le daoine ón lá sin amach?

**THALL→**


## ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (110 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST.

**CEIST 1** Freagair *(a)* **nó** *(b)* anseo. (25 mharc)

*(a)* Tá tú ar thuras le do chara in áit éigin in Éirinn. Scríobh cárta poist chuig do thuismitheoirí.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:



- an turas go dtí an áit sin
- rud éigin a rinne sibh
- an aimsir
- duine suimiúil a bhuail libh
- cathain a fhillfidh tú abhaile

Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos.

**NÓ**

*(b)*




Is tusa Áine sna pictiúir thuas. Tá tú ag do theach féin. Tá tú ag ullmhú an dinnéir ach níl tú ábalta é a chríochnú.

Fágann tú nóta do do mháthair ag rá:

- cá bhfuil tú ag dul
- cén fáth a bhfuil ort dul ann
- cad a cheannóidh tú
- cén t-am a bheidh tú ar ais
- cén t-am a bheidh an dinnéar réidh.

Scríobh an nóta sa bhosca anseo thíos.

**NÓTA**

**THALL→**

**CEIST 2** Freagair *(a)* **nó** *(b)* anseo. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú agus críoch oiriúnach.]**

(a) Tá d'aintín ar saoire. Tá tú ag tabhairt aire dá madra. Tarlaíonn timpiste don mhadra.

Scríobh **litir** chuici. Sa litir luaigh na pointí seo.




- cathain a tharla an timpiste
- cén chaoi ar tharla sé
- cad a rinne tú
- conas atá an madra anois

Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11.

**NÓ**

*(b)*



Chuaigh tú go dtí cluiche mór i bPáirc an Chrócaigh nó i mBóthar Lansdúin. Scríobh, sa bhosca ar lch. 11, **litir** chuig cara leat a chónaíonn faoin tuath ag insint dó **nó** di:

- cé a bhí in éineacht leat
- cúpla rud faoin gcluiche
- rud éigin a chaill tú ag an gcluiche
- conas a fuair tú ar ais an rud a chaill tú

**LITIR**

**THALL→**

**CEIST 3** Freagair *(a)* **nó** *(b)* anseo. (45 mharc)

*(a)* **Alt** gairid (**15 líne nó mar sin**) a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

**(i)** Lá fliuch sa bhaile.
**(ii)** An samhradh seo caite.
**(iii)** Rud deas a tharla dom.
**(iv)** An uair a bhris gadaí isteach inár dteach.

Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13

**NÓ**

(*b)*




Is iad Liam agus Síle na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh, sa bhosca ar lch. 13, an cuntas is dóigh leat a bheadh ag Síle ina dialann (nó ag Liam ina dhialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne nó mar sin i do fhreagra.]**

Ceist 3(a) nó (b)

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |